

# Seachtain 1



## Labhair le do chara.

An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat?

An imríonn tú peil?

An dtéann tú ag iascaireacht?



## Meitseáil, scríobh agus dathaigh.

Tá mé ag seinm ar an bpianó.



Tá mé ag imirt sacair.

Tá mé ag imirt iomána.

Tá mé ag seinm ar an ngiotár.

Tá mé ag seinm ar an bhfeadóg stáin.

Tá mé ag seinm ar an bhfeadóg mhór.



# Caitheamh Aimsire



## Críochnaigh na habairtí agus déan an crosfhocal!!



## Trasna

- 1 Tá na páistí ag \_\_\_\_\_.
- 6 Tá siad ag imirt \_\_\_\_\_.
- 8 Is aoibhinn liom \_\_\_\_\_.
- 11 Tá \_\_\_\_\_ ar siúl ar an teilifíseán.
- 12 Bhí sí ag \_\_\_\_\_ sa linn snámha.

## Síos

- 2 Bhí sé ag \_\_\_\_\_ ar Oscar.
- 3 Tá an fear ag imirt \_\_\_\_\_.
- 4 Bhí sé ag \_\_\_\_\_ leabhair.
- 5 Tá an cailín ag seinm ar an bh\_\_\_\_\_.
- 7 Tá sé ag seinm ar an n\_\_\_\_\_.
- 9 Tá cluiche \_\_\_\_\_ ar siúl sa pháirc.
- 10 Imríom \_\_\_\_\_ le camán.

Seachtain 1
Caitheamh Aimsire

### Caitheamh aimsire

Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí	
Táimid ag obair ar ...	Táimid ag imirt cluiche ...
Níor mhaith liom mo ... a ghortú.	
An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat?	
Tá a lán caithimh aimsire agam. Bíim ag ...	

9.1 Éist leis agus léigh an comhrá

**Rac** Seo iad ár gcairde anois. Tá málaí acu.

**Ciara** Dia daoibh. Conas atá sibh?

**Ról** Dia's Muire daoibh. Táimid ag obair ar an spáslong.

**Ciara** Ba mhaith liom turas sa spáslong.

**Ról** Cén fáth a bhfuil na málaí sin agaibh?

**Conor** Tá cluiche peile againn. Táimid ag imirt inniu tar éis na scoile. Tá an bheirt againn ar fhoireann na scoile.

**Rac** Conas a imríonn sibh peil? Cén sórt cluiche é?

**Ciara** Imrímid peil sa pháirc. Bíonn dhá fhoireann ag imirt in aghaidh a chéile.

**Conor** Tugann tú cic ar an liathróid agus déanann tú iarracht scór a fháil. Buann an fhoireann leis an scór is mó.

**Ról** Níor mhaith liom mo chos a ghortú ag ciceáil liathróide.

**Conor** Ní ghortaíonn tú do chos ag imirt peile. Imríim iomáint freisin. Bíonn clogad ar mo cheann agus bíonn camán i mo lámh. Buailim an sliotar leis an gcamán.

**Rac** Go bhfóire Dia orainn. Ní fhaca mé a leithéid riamh.

**Ciara** Téim ag marcaíocht ar Oscar. Is maith liom peil ach is fearr liom marcaíocht.

**Conor** Bíonn clogad uirthi freisin nuair a théann sí ag marcaíocht. An bhfuil aon chaitheamh aimsire agaibh?

**Ról** Téimid ag iascaireacht ar Phláinéad Ceoil.

**Conor** Ag iascaireacht ... Ach níl aon uisce ar Phláinéad Ceoil!

**Ról** Níl, ach téimid ag iascaireacht i gcomhair réaltaí.

**Ciara** Níor chuala mé a leithéid riamh.

**Freagair na ceisteanna.**

- 1 Cá bhfuil Conor agus Ciara ag dul?
- 2 Cad iad na caithimh aimsire atá ag Conor?
- 3 Cén caitheamh aimsire is fearr le Ciara?
- 4 Cad a chaitheann Ciara uirthi agus í ag marcaíocht?
- 5 Cén caitheamh aimsire atá ag Rac agus Ról?

**Tasc: Caitheamh aimsire. Tarraing agus scríobh.**

Is maith liom \_\_\_\_\_


Is fearr liom \_\_\_\_\_

Ní maith liom \_\_\_\_\_

Edco Resources

## The Children of Fatima

Write the sequence of events that happened in Fatima in 1917. Draw pictures in the boxes to match your sentences.



---

---

---



---

---

---



---

---

---



---

---

---



---

---

---



---

---

---

4<sup>th</sup> Class Reading and Worksheets 11<sup>th</sup> -15<sup>th</sup> May 2020.